

## **Bailiúchán Sonraí Scoile 2019/2020**

1. Cé ar chóir a chur san áireamh i gceist 1?

I gceist 5 ba chóir líon iomlán na ndaltaí a lua a fhaigheann tacaíocht bhreise. Mar sin tá na daltaí a áirítear i gcatagóirí 2 – 6 san áireamh i gceist 1 freisin. Mar sin féin, ní hiomlán na bhfreagraí ar cheisteanna 2 go 6 amháin atá i gceist mar d'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná haon chineál tacaíochta amháin a fháil ag dalta (m. sh. cúnamh breise maidir le litearthacht agus uimhearthacht), ach níor chóir é/í a áireamh ach aon uair amháin i gceist 1.

2. Má tá tacaíocht litearthachta nó uimhearthachta á fáil ag rang iomlán (m. sh. trí theagasc foirne nó trí theagasc stáisiúin), ar chóir na daltaí uile a chur san áireamh?

Níor chóir. Ná cuirtear san áireamh ach daltaí a ndírítear orthu go sonrath mar dhaltaí a bhfuil gá acu le cúnamh breise

3. An n-áirítear tacaíocht-lasmuigh-den-rang amháin i gcomhair ceisteanna 2 agus 3?

Ní áirítear. Áirítear tacaíocht-laistigh-den-rang le haghaidh litearthachta agus uimhearthachta freisin má thugtar do dhaltaí í atá aitheanta mar dhaltaí a bhfuil cúnamh breise ag teastáil uathu

4. An ea nach féidir dalta a áireamh ach in aon chatagóir amháin?

Ní hea. Is féidir dalta a áireamh in an oiread catagóirí lena mbaineann.

5. An mbaineann na ceisteanna maidir le Riachtanais Oideachais Speisialta le gach dalta nó le daltaí príomhshrutha amháin?

Baineann siad le daltaí príomhshrutha amháin - tá faisnéis faoi dhaltaí i ranganna speisialta taifeadta ar an mBunachar Sonraí Ar Líne do Bhunscoileanna (POD) cheana féin.

6. Chun go gcuirfí páiste san áireamh i gceist 4, an gá dóibh fáthmheas foirmiúil a bheith faighte acu?

Ní gá. Má tá cúnamh á fháil ag páiste toisc go bhfuil riachtanas oideachais speisialta atá ag teacht leo siúd i gceist 3 (is é sin, deacrachtaí cumarsáide suntasacha, moill ar fhorbairt chognaíoch nó ar fheidhmiú oiriúnaitheach, nó deacrachtaí suntasacha mothúcháin agus iompair) ba chóir dóibh a bheith san áireamh i gceist 3, is cuma cé acu, an bhfuil nó nach bhfuil fáthmheas faighte acu.

7. Maidir le ceist 5, an bhfuil gá le múinteoir Béarla mar Theanga Bhreise ainmnithe chun na daltaí a mhúineadh?

Níl. Ba chóir duine ar bith dá dtugann an scoil tacaíocht bhreise i mBéarla mar Theanga Bhreise a áireamh.

8. Maidir le ceist 6, ar chóir líon na gCúntóirí Riachtanas Speisialta nó líon na ndaltaí a fhaigheann tacaíocht a áireamh?

Líon na ndaltaí a fhaigheann tacaíocht ó Chúntóir Riachtanas Speisialta.

9. Cad chuige a úsáidfean an fhaisnéis seo?

Úsáidfean an fhaisnéis seo chun léargas foriomlán a fháil ar líon na ndaltaí a fhaigheann teagasc breise sa chóras scoile. Ní úsáidfean í chun acmhainní a leithdháileadh.